

Maith an ceannaighe Cormac

[McKenna, L.: *The Book of O'Hara*, Dublin, 1951, poem 4]

Tadhg Dall Ó hUiginn .cc.

1 Maith an ceanduighe Cormac  
mac Céin dá gclaon iobhurshlat,  
lámh thabhartach um cheann gcruidh  
malurtach as fhearr aguibh.

2 Re linn Chormoic ní cluintir  
fear a mheallta a malairtibh  
bheith soimheallta as sé do-bheir  
dá ghné hsoineannta hsoilbheir.

3 Mac Céin na gcéimionn ndocrach,  
móide as mhaith an malartach,  
sduagh dhaoineach ó bheannaibh Breagh  
meallaidh gach aoinneach eisean.

4 Féach an fearr iomlaoid oile  
ná in mhoirn tsuthoin tsíorruidhe  
téid don fhlaith ionfhuair fhaoilidh  
ar mhaith diombuain díomhaoinigh.

5 Gearr do mhairfeadh na maoine  
bronntar le flaith Formaoile  
's pudh buain na molta ar marthoin  
dá ghruaidh chorcra chomharthoigh.

6 Ní mhairfeadh bleidhe ná brat  
dá bhfaghoid cách ó Chormac  
ná arm áigh craoibhlíne cuir  
aoinmhíle a-bháin do bhliadhnaibh.

7 Ní mhairfeadh éideadh ná each  
ná feilm loinnearrdha líneach  
ná beirt mhaothghorm tsróill ngloin  
ná saorchorn óir ildealbhoigh.

8 Dá measdaoí maith an domhuin  
as sé críoch a gcualubhair  
ní bhí acht an moladh a-mháin  
ní don domhan acht díoláimh.

9 Maith an ceannuighe an té tug  
bláth diombuan dúisgeas formud  
fada ón bhláth tocht a thoraídh

ar sgáth mholta mharthonaigh.

10 Maith an ceannuighe an fear fuair  
ar bhréig ndiomolaidh ndiombuain  
díoghrais mholta buain bhaluidh  
a n-uair obtha dh'ealadhuin.

11 Maith an ceannoighe cheandchas  
an uair as mhó an maitheamhnas  
an maitheas ar a mbí a bhrath  
nó an ní chaithios do cheanduch.

12 Do bhí dh'echt ar Ó nEadhra  
do thaobh a ghlún ngeineamhna,  
fir neamhdhochda nar náir cruth,  
deaghmholta cáigh dho cheannuch.

13 Ní fhuigheadh Cormac mhac Cein  
- córuide in éigse dh'óighréir -  
tráth as neamhdhaoire ná a-nos  
na deaghlaidhe ó chách cheandchos.

14 As sé a bhfoil ar feadh Bhanbha  
oirne ag iaroidh ealaghna  
d'uaislibh chláir bhraoincheannsa Bhreadh  
aoinphearsa a-mháin an mhíleadh.

15 Céd urdoil a bhfuighthi a-niodh  
ar ghrés fromhtha na bhfileadh  
rachaidh orthoibh uair oile  
ó onchoin Bhruaigh Bhóroimhe.

16 As sé an uair as saoire soin  
's as teirce a-tá gá iarroigh  
sgotha dána gnénuaidh ghloin  
énuair as chára a charrthoin.

17 Ó a-tá in dán neamhdhaor a-niodh  
biaidh lón nach éidir dh'áireamh  
ma slán tarngortaigh Chláir Chrot  
d'aghmholtaibh cáigh ag Cormac.

18 Biaidh oirchill re haghaidh cáigh  
an uair as usa a bhfagháil  
d'éis taisdioluigh tholcha Breadh  
d'aisgeadhaibh fromhtha Féindeadh.

19 Maith fear do-rinde roimhe  
thallód a dtús aimseire

oireichil a samhla sin,  
roibheithir chalma Chaisil.

20 Do-rinde Modh Néid nárach  
a hsindsior maith mórdhálach,  
rí Mhoidhe coirmtheinn Chodhoil,  
oircheill oile a ionshamhoil.

21 Do-chonnairc fíís fada ó hsin  
ríoghan Mhodha Néid neimhnigh,  
'n-a hinnisin ro bhí brígh,  
indisidh í dhon airdrígh.

22 Tarfás don mhnaoisin Mhodha  
seacht mba binne bláthmhara  
da-chí an fionnchrodh soiléir seang  
a dtiomchol oiléin Éireann.

23 Tarfás fós dí 'n-a dheaghaidh  
ón bhuar shuaithnidh shítheamhail  
gach magh fionn collbhán corcra  
lomlán do lionn leamhnochta.

24 Tarfás dí a ndiaigh na tána  
seacht mba eile urghrána;  
adhbhur teadhma teacht orrtha  
na seacht seanbha siabhurrtha.

25 Go bhfuighlibh goirte garbha  
go n-adhurcaibh iarnamhla  
fraoch orra mar ealtoin sgean  
go ndearcoibh tolla teineadh.

26 Nír fagbhadh leadhb ar láthair  
don tánaigh óig iongnáthaigh  
ón tána cheinnmhir chalma  
ngránna neimhnigh nathardha.

27 Breath na haislinge ass é a fhíor,  
rug Dearg Damhsa, draoi an airdríogh,  
an bhreath chathardha dar chreid  
a ratharbha asd-teach táinicc

28 A-dubhairt an draoi "ar dtosaigh  
as siad na seacht gcédbhasoin  
seacht mbliadhna lomlán lachta  
comhlán riaghla is ríoghachta."

29 "As iad bhós na ba oile

seacht ndaoirbhliadhna docroidhe  
tír na ccuan mbailbhindte mbind  
budh tuar aidmhillte dh'Éirinn."

30 "Íosoidh bean a mac da muin  
sénfoidh an t-oighre an t-athoir  
fa chlár séimhsheang na sreabh nglas  
ar feadh Éiriond re hocras."

31 "Déntar uaibh", ar Dearg Damhsa  
"oirichil mun adhbhursa  
na céidbhliadhna suil tí as-tteagh,  
a ri géigniamhdha Gaoidheal."

32 "Ná gabh ad chíos ná ad chánoigh  
ó Leith Mhogha mhórdháloigh  
fan gcrích móir mbraoincheinnfhinn mbug  
aoinphinginn óir ná airgoid."

33 "Ná gabh ó chách ad chíos ríogh"  
do ráigh ollumh an airdríogh,  
"a ghríobh fhial mhoighe Mumhan,  
acht biadh uile d'éanmhonadh."

34 Gach ní dhá ndubhairt an draoi  
re rígh Áine an fhuinn ghéгнаoi  
do aontoigh é go humhal,  
sé d'aontoil an ollumhan.

35 Tiad Muimhnigh dá bhfógra féin  
do mhac an airdríogh d'éinmhéin  
'n-a mbróin chóirighthe um Chuan Dor  
do luadh fhóirithne a n-easbhadh.

36 Tugsad umhla dh'Eoghan Mhór  
d'éis a dtírtheadh do thionól;  
don tslógh fa robhuidhe a riar  
Conoire Mór is Maicniadh.

37 Do bhí an Mhumha fa Mhodh Néid  
mar bhíos eadchrann ós fhoighéig  
fá cheandoighiocht bídh tre bhioth  
don tseangoireacht mhín Mhuimhniach.

38 Feirrde a shíol ó shin a-Ile  
nar an re ham na daoirse,  
cneas taobhthondghlan dá ttráidh muir,  
saorchonradh cháigh do cheandoigh.

39 Aithris ar Modh Néid do-ní  
Cormac Ó hEadhra in t-airdrí,  
dias dar dual fochondmhadh Fáil  
fa shochonradh uan d'fhagháil.

40 Mac Céin nar chaomhain doibheart  
cóir a chor re ceannoigheacht;  
bláth fpóir sheangfhola Shadhbha  
ceandoighe óir ealaghna.

41 Do ghrés glan fhileadh bhfromtha  
tarla sonn séan gconnortha  
dá shuil chuirr mhongfhabhruidh mhir  
ó ollamhnoibh fhuinn Éimhir.

42 Go lá an bhráich biaidh ar marthain  
'n-a bharr shéin is shobharthoin  
don tslógh ó bheannuibh Bladhma  
ar cheandoigh d'ór ealadhna.

43 Feirdi an tráth tug dá aire  
riar éigeas Fhóid Laoghaire,  
cion gach aonduine ar ndol dí;  
crodh gan aodhuire an éigse.

44 Peandocht éigeas innsi Fáil,  
beannoct naomh Éireann d'éanláimh  
luach a cheannoighthe as sé soin;  
beandoighthe an té le a ttuilltir.

45 Ar mhac Céin cheannchas molta  
do thuit bail na beannocta  
ó thrácht mhaothbhuinn réidh rathmhair  
go céibh gcraobhthruim gcomharthaigh.

46 Ní mó a-niodh ná 'n-a naoidhin  
dúil cháigh 'n-a chruth fhorbhfaoilidh;  
fuair sgath Luighne 'n-a leanabh  
rath nach oighbhi ar eileaghadh.

47 Do fagbhadh é a n-aois leanuibh  
ar mbuain a ghéig ngeinioluigh  
gan aipdhioghadh dá ghruaidh ngil  
'n-a mhaicleanamh uair éigin.

48 Ní raibhe caomh ná cara  
dílios don óg armthana  
sé a aonur a na n-aghuidh  
sé a mbaoghal gá bhiodhbhadhaibh.

49 Do beanadh a dhúthchus de  
do beanadh bhós a bhráithre  
go raibhe saor Thighe Táil  
'n-a aon d'fhine ar n-a fhágbháil.

50 Beantair seilbh Luighne as a láimh  
an tráthsoin truadh in diombáigh;  
tógoibhthear an té nar dhligh,  
fógairthear é re haimsir.

51 Bliaghain ar fhichid don fhior  
nar shuigh sósar ná sinnsior  
do shíol gCéin 'n-a n-áitibh ann  
gur áitigh féin an fearand.

52 Táinig san senágh síol mBluid  
fíoch Cormoic in tan tánoig  
cland Chéin asd-teach ní tugadh  
a mbreath féin go bhfuarudar.

53 Ésga lán an leithe theas,  
ní lughoide fuair flaitheas  
sé d'fhágbháil 'n-a aon d'fhine,  
an chraobh ógnáir oirníge.

54 Ní dheachaidh ag aoinneach air;  
dar leat as leis do bhádair  
a raibhe a n-aghaidh an fhir  
ag faghail fhola hÉimhir.

55 Mó ná rath do rígh Luighne  
cáin an tíre tonnguirme  
d'éis na bhfearchon ó Thigh Tháil  
do neamhthoil gach fhir d'fhagháil.

56 Nír thioghluic Dia roimhe riamh  
a bhus ná a Mumhoin Mhaicniadh  
rath an ríogh dh'aoinneach eile  
do shíol daoineach Dairine.

57 Tús ratha rogha dealbha  
fríth leis a lló a gheineamhna,  
sduaigh dhédnuaighe brodha Breagh,  
rogha cédbhuaidhe an Choimgheadh

58 Fríth dealbh Chormoic ón Choimgheidh  
d'égcosg agus d'fhorfhuighlibh;  
ó run dil go dreich ngairthe

do bhreith Fhir a n-ordoighthe.

59 Ó thrácht puinn go céibh gcaisghil  
ní bhí ball dá bhhalloibhsin,  
rí an tsluaigh ó Gháiridhe ghil,  
gan bhuaidh áiridhe éigin.

60 Buaidh lúith ar an mbonn mbántais  
nach léamhoid lucht gabháltais,  
buaidh gach fheadhma ar an mbais mbáin  
dearna thais acht a tteagmháil.

61 Buaidh mbreithre ar an mbél gcorcra,  
dá ttig buaidhreadh bantrochta;  
buaidh gcéille ar an gcroidhe mhear  
ag céile Mhoidhe Maisdean.

62 Tarrla dhó ó Dhia nimhe  
buaidh bhfírinne is bhfoisdine;  
fuair a ttighibh na togha  
buaidh n-einicch is n-eangnamha. Maith an